

FEAR A BHÍ AG TEACHT LE UALACH CÍBE.

Fear a bhí a teacht le ualach cíbe trathnóna agus chuala sé dhá ghadhar a' cainnt le na chéile. "Ní mór dhuit" adeir ceann acab cruthughadh go maith anocht, goidfear a' tuar ó do mháigistir." "Muise is cuma liomsa" adeir sé "séurd a rinneadar liomsa anocht mé bhualadh agus mé chur amach agus gan aon bhlas a thabhairt le nithe dhom agus is cuma liom céurd a dheanfas siad." "Ní mar sin a rinne mo mhaighistir liomsa" adeir an ceann eile. Thugadar neart le nithe dhom agus níor ith mé a leath agus teanam uait agus féudfaidh tú é ithe agus tiocfaidh muid a faire an tuar." "Ní ghabhfaidh mé chor a' bith ann" adeir a ceann eile is maith liom dá ngoidfidh nuair nach raibh an gadhar a tabhairt ugach don ghadhar eile ansoin nuair leag a' fear dhe a' t-ualach chuaidh sé chomh fada le fear an éudaigh agus dubhairt leis é thabhairt isteach.

Bhí an tSeamair Mhuire san ualach cíbe ag a' bhfear agus ní raibh fhios aige é. 11/9/32.